Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10678 - AIP / MACQUARIE / ABERDEEN / ONIVIA)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 134/12)

1. An 16 Márta 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Arjun Infrastructure Partners Limited ("AIP", an Ríocht Aontaithe), ar le Arjun Infrastructure Partners Group é,

— Macquarie Asset Holdings Limited ("Macquarie", an Ríocht Aontaithe), ar le Macquarie Group é,

— Aberdeen Infrastructure (Holdco) IV B.V. agus Aberdeen Infrastructure (Holdco) IV-A B.V (le chéile "Aberdeen", an Ríocht Aontaithe), ar le Aberdeen Group iad,

— Pentacom Investments (an Spáinn) Opco S.L.U. agus Ucles InfraCo, S.L. (le chéile "Onivia", an Spáinn).

Gheobhaidh AIP, Macquarie agus Aberdeen rialú comhpháirteach ar Onivia de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— i gcás AIP: cuideachta bainistíochta sócmhainní atá gníomhach in earnálacha lena n-áirítear iompar, fuinneamh inathnuaite, fóntas comhtháite cumhachta agus dáileadh fuinnimh,

— i gcás Macquarie: banc infheistíochta domhanda agus soláthraí seirbhísí airgeadais lena gcumhdaítear acmhainní agus tráchtearraí, fuinneamh glas, fuinneamh traidisiúnta, institiúidí airgeadais, bonneagar agus maoin réadach,

— i gcás Aberdeen: bainisteoir sócmhainní atá gníomhach in earnálacha lena n-áirítear iompar, bonneagar sóisialta, cóireáil dramhaíola agus uisce agus líonraí táirgthe fuinnimh ghlain,

— i gcás Onivia: soláthar mórdhíola seirbhísí rochtana leathanbhanda sa Spáinn.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10678 - AIP / MACQUARIE / ABERDEEN / ONIVIA

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË